

# An Bord Taighde Sláinte

HRB
An Bord Taighde Sláinte

Feabhas a chur ar an tsláinte trí thaighde agus eolas

## Tuarascáil Bhliantúil 2006

# Maidir leis an HRB

Is é an Bord Taighde Sláinte (HRB) an phríomhghníomhaireacht in Éirinn a mhaoiníonn taighde sláinte agus a thacaíonn leis. Coimeádann an eagraíocht córais eolais sláinte freisin agus déantar taighde a bhíonn nasctha le tosaíochtaí sláinte náisiúnta. Is í an aidhm atá ag an mBord feabhas a chur ar shláinte daoine, cumas taighde sláinte a thógáil, tacaíocht a thabhairt d'fhorbairtí maidir le seachadadh seirbhíse agus cur go mór le geilleagar eolais na hÉireann.

## Príomhréimsí oibre

### Taighde Sláinte a mhaoiniú

Tá taighde sláinte nuálach a mhaoiniú agus tacú le taighde den sórt sin chun sláinte a fheabhsú, cosc a chur ar thinneas agus dul i ngleic le galair mar chroíchuid de mhisean an HRB. Tá portfóilió ag an HRB faoi láthair d'infheistíochtaí taighde ar luach €100 milliún in ospidéil, in ollscoileanna, in institiúidí agus i gcarthanachtaí ar oileán na hÉireann.

### Córais eolais a óstáil

The HRB is responsible for managing five national information systems. These systems ensure that valid and reliable data are available for analysis, dissemination and service planning. The data from these systems are used to inform policy and practice in the areas of disability, drug and alcohol use and mental health.

### Taighde a dhéanamh

Our main areas of in-house research include children's health, mental health and alcohol and drug use. The research that we have undertaken provides evidence for changes in the approach to service delivery. It also highlights the requirement for additional resources to support people who need services for drug and alcohol misuse, mental health conditions and intellectual, physical and sensory disabilities.

# Misean agus cuspóirí 2001 – 2006

## Feabhas a chur ar an tsláinte trí thaighde agus eolas

Lean an Bord Taighde Sláinte ag baint torthaí fónta amach ina chuid oibre i rith na bliana 2006 de réir na gcuspóirí atá leagtha amach sa Straitéis Chorparáideach 2002-2006:

- Aimsiú agus cur i bhfeidhm an eolais ar mhaithe le buntáiste sláinte agus sóisialta, an borradh ar mhaoin intleachtúil agus ar fhianaise a bhaineann le buntáiste sláinte agus sóisialta agus teacht chun cinn chóras sláinte, eacnamaíochta agus sochaí bunaithe ar an eolas a spreagadh.
- A bheith mar cheannródaí i measc eagraíochtaí náisiúnta maidir le tacú le taighde eolaíochta ar mhaithe le buntáiste sláinte agus sóisialta, ag tabhairt taighde bunúsach agus aistritheach, taighde ar sheirbhísí sláinte agus taighde ar shláinte an daonra agus taighde bunaithe ar chleachtas san áireamh.
- Méadú ar acmhainn taighde agus forbartha breisluacha sa chóras sláinte a chur chun cinn sa chóras sláinte i gcomhar le heagraíochtaí sláinte iomchuí eile.
- Tionchar a imirt ar pholasaí agus ar sheirbhísí sláinte agus sóisialta trí thaighde agus eolas den scoth.
- A bheith ar an bpríomhaighne maidir le forbairt na taighde ar mhaithe le buntáiste sláinte agus sóisialta.
- An HRB a bheith ar an bhfostóir is túisce a roghnófaí ina réimse féin.

# An Bord Taighde Sláinte

## Tuarascáil Bhliantúil 2006

HRB
Health Research Board

Arna fhoilsiú ag:
An Bord Taighde Sláinte
73 Sráid Bhagóid Íochtarach
Baile Átha Cliath 2
Éire

t +353 1 234 5000
f +353 1 661 2335
e hrb@hrb.ie
w www.hrb.ie

© An Bord Taighde Sláinte 2007

ISSN: 0791 220X

# Clár

| | |
|---|---|
| Comhaltaí Boird i 2006 | 4 |
| Ráiteas an Chathaoirligh | 5 |
| Tuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh | 7 |
| Sracfhéachaint ar an mbliain | 9 |
| Príomhghníomhaíochtaí agus na Príomhnithe a Baineadh Amach i 2006 | 10 |
| Straitéis taighde agus maoiniú | 10 |
| Córais eolais agus taighde intí | 16 |
| Forbairtí corparáideacha | 19 |
| Ag obair i gcomhar – sracfhéachaint ar obair chomhoibritheach | 21 |
| Liosta foilseachán | 24 |
| Achoimre ar chuntais | 27 |
| Aguisín 1<br>Athbhreithniú eagraíochtúil ar chomhaltaí idirnáisiúnta an phainéil | 31 |

# Comhaltaí Boird i 2006

**An tOllamh Desmond Fitzgerald (Cathaoirleach)**
An Leas-Uachtarán maidir le Taighde
Coláiste Ollscoile Bhaile Átha Cliath

**An Dr Bernard Mahon**
Stiúrthóir, Institiúid Imdhíoneolaíochta
Ollscoil na hÉireann, Maigh Nuad

**An Dr Rebecca Cramp**
Bainisteoir Cúrsaí Eolaíochta & Rialachais
Irish Pharmaceutical Healthcare Association

**An tOllamh Owen Corrigan**
Scoil na Cógaisíochta
Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath.

**An tOllamh Tom Cotter**
An Roinn Bithcheimice
Coláiste na hOllscoile, Corcaigh

**An tUasal Niall Daly**
McNulty Boylan and Partners, Aturnaetha
Corcaigh

**An tUasal David Doran**
Príomhfheidhmeannach, Fondúireacht Liachta & Taighde Leanaí
Ospidéal Mhuire do Leanaí Breoite, Cromghlinn

**An tOllamh William Hall**
Ollamh le Micribitheolaíocht Leighis
Coláiste Ollscoile Bhaile Átha Cliath

**An tUasal Tom Mooney**
An Leas Rúnaí, Airgeadas
An Roinn Sláinte agus Leanaí

**An tOllamh Dermot Kelleher**
An Roinn Leighis Chliniciúil
Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath

**An Dr Kevin Kelleher**
An Stiúrthóir Náisiúnta Cúnta
Sláinte an Phobail – Cosaint Sláinte
Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte

**An tOllamh Hannah McGee**
Stiúrthóir, An tIonad Taighde Seirbhísí Sláinte
Coláiste Ríoga na Máinleá in Éirinn

**An tOllamh Tim O'Brien**
Roinn an Leighis
Ollscoil na hÉireann, Gaillimh

**An tOllamh Tony Pembroke**
Roinn na nEolaíochtaí Ceimiceacha & Timpeallachta
Ollscoil Luimnigh

**An tOllamh Anne Scott**
An Scoil Altranais
Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath

**An tOllamh Bob Stout**
Stiúrthóir, An Oifig Taighde agus Forbartha
DHSSPS, Tuaisceart Éireann



"Tharla forbairtí ollmhóra in Éirinn i 2006 a mbeidh tionchar acu ar thodhchaí taighde sláinte."

# Ráiteas an Chathaoirligh

Tharla forbairtí ollmhóra in Éirinn i 2006 a mbeidh tionchar acu ar thodhchaí taighde sláinte. D'aithin *Straitéis Eolaíochta, Teicneolaíochta agus Nuála* na Roinne tosaíochtaí náisiúnta maidir le taighde sláinte. Ag cur leis na tosaíochtaí sin, leagann tuarascáil an Choiste Chomhairligh maidir le hEolaíocht, Teicneolaíocht agus Nuáil (ACSTI) amach clár oibre chun athrú a bhaint amach i leibhéal agus i gcáilíocht taighde sláinte in Éirinn. D'fhorbair an Bord Taighde Sláinte (HRB) a Straitéis Chorparáideach 2007-2011 chun tosaíochtaí na straitéise maidir le taighde sláinte a léiriú agus chun na deiseanna agus na dúshláin atá lárnach san athrú a mhol an ACSTI a ionchorprú.

Leagann tuarascáil an ACSTI *Towards better health Achieving a step change in health research in Ireland,* amach clár oibre taighde sláinte lánpháirtithe agus iomaíoch. Aithnítear an poitéinseal atá ag taighde chun sláinte daoine a fheabhsú, córas sláinte níos fearr a chruthú agus chun cuidiú le tionscal cúram sláinte a neadú in Éirinn. Oibreoidh an HRB le gníomhaireachtaí eile chun an fhís atá leagtha amach sa tuarascáil a bhaint amach, agus is é sin 'athrú ó thaobh leibhéal agus cáilíocht taighde sláinte a stiúradh, sláinte agus folláine an daonra a fheabhsú agus cur le cáil idirnáisiúnta na hÉireann ó thaobh taighde sláinte trí shármhaitheas agus nuáil'.

Tá céimeanna glactha ag an HRB chun infrastruchtúr láidir a chur ar bun chun tacú le forbairtí ó thaobh taighde sláinte. Seo a leanas na príomhnithe a baineadh amach i 2006:

- Comhpháirtíocht leis an Wellcome Trust chun saoráid taighde cliniciúil a chruthú in Éirinn a thacóidh le liacht turgnamhach agus ar deireadh thiar go mbeidh feabhas ar shláinte othar. Tá infheistíocht de €20 milliún sa tSaoráid Taighde Cliniciúil de chuid an HRB/Wellcome Trust agus a líonra comhlachaithe i mBaile Átha Cliath mar chomhartha ar an gcáil idirnáisiúnta den scoth atá bainte amach ag taighde cliniciúil de chuid na hÉireann. Ní mór comhghairdeas a dhéanamh leis an bhfoireann taighde, faoi stiúir an Ollaimh Dermot Kelleher thar ceann Ionad Liachta Móilíneach Bhaile Átha Cliath, as a moladh ard-iomaíoch, agus deir coiste comhairleach eolaíoch idirnáisiúnta gur 'moladh den scoth' a bhí sa mholadh sin.
- Chuathas i mbun Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte chun maoiniú a chinntiú do chostais tógála saoráidí taighde cliniciúil i nGaillimh agus i gCorcaigh. Maoineoidh an HRB costais oibríochta agus taighde na saoráidí sin ar feadh tréimhse cúig bliana.
- Soláthraíodh cómhaoiniú, le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, maidir le costais bhunaithe Líonra Infrastruchtúir Taighde Cliniciúil na hÉireann (INRIN). Soláthróidh ICRIN creat oibre maidir le comhoibriú idir na saoráidí taighde cliniciúla atá molta agus grúpaí eile atá rannpháirteach i dtaighde cliniciúil ionas go bhféadfar uasluach a chur le hinfheistíocht Wellcome/HRB/HSE

ar mhaithe le hothair na hÉireann agus próifíl taighde cliniciúil na hÉireann.

- Cinntíodh €10m breise do thaighde sláinte i 2007-8 faoi Phlean Feidhmithe Straitéise an Rialtais.
- Cinntíodh go raibh taighde sláinte le sonrú sa *Straitéis Eolaíochta, Teicneolaíochta agus Nuála* agus sa Phlean Forbartha Náisiúnta.
- Rinneadh tuilleadh gnímh chun cur le líon agus le cáilíocht na dtaighdeoirí iardhochtúireacha in Éirinn tríd an dara glaoch ar institiúidí clár HRB PhD Scoláire a óstáil a sheoladh. Dhírigh an glaoch ar na réimsí eolaíocht chliniciúil agus bithliachta, taighde ar sheirbhísí sláinte agus eipidéimeolaíocht agus sláinte phoiblí. Cuideoidh sin chun tacú le cuspóir an rialtais cur go mór le líon na dtaighdeoirí in Éirinn faoi 2013.
- Comhaontaíodh meabhrán tuisceana leis an Roinn Gnóthaí Eachtracha ina chomhaontaigh an HRB oibriú le Cúnamh Éireann chun iarratais a lorg ar mhaoiniú do thaighde ar shaincheisteanna sláinte domhanda a bhfuil baint acu le réimsí polasaí chlár chúnta forbartha na hÉireann. Bronnadh os cionn €2 milliún ar thionscadail ar éirigh leo.
- Cómhaoiníodh an chéad ghlaoch i gcomhar ar thionscadail taighde a bhfuil nasc dlúth acu le cúram othair níos fearr leis an nGrúpa Carthanachtaí Taighde Liachta.
- Ceapadh an tríú eolaí cliniciúil de chuid an HRB, An Dr Peter Kelly, Ospidéal an Mater, saineolaí ó thaobh cúram othar a raibh stróc acu.

Tá tionchar an HRB ag síneadh chuig an Eoraip anois freisin. I mbliana, d'éirigh leis an bPríomhfheidhmeannach cathaoirleacht a dhéanamh ar an nGrúpa Oibre ar Bhitheolaíocht agus Eolaíochtaí Liachta de chuid Fóram Straitéise na hEorpa ar Infrastruchtúr Taighde chun Léarscáil Eorpach a ullmhú ar Infrastruchtúr Taighde. Cuireann an Léarscáil, a foilsíodh i mí Dheireadh Fómhair 2006, i láthair 35 infrastruchtúr taighde ar scála mór feadh raon disciplíní a éilíonn eolaithe na hEorpa chun taighde ceannródaíoch a dhéanamh sa chéad 10-15 bliain atá amach romhainn. Seo céim mhór chun cinn d'eolaíocht na hEorpa. Is é seo an chéad uair ar aithin an Eoraip agus ar thug sí tosaíocht d'infrastruchtúir taighde atá riachtanach chun tús iomaíoch a thabhairt d'eolaíocht na hEorpa thar an Áis agus na Stáit Aontaithe. Is rud maith é freisin a fheiceáil go dtagann na hinfrastruchtúir a aithníodh do bhitheolaíocht agus d'eolaíochtaí liachta ag leibhéal na hEorpa go maith le tosaíochtaí infrastruchtúir atá aitheanta ag an HRB cheana féin d'Éirinn.

Ba mhaith liom mo bhuíochas a chur in iúl don Dr Barrington as an bpríomhról a bhí aici agus í ag cur le feasacht maidir leis an tábhacht atá le taighde sláinte le naoi mbliana anuas. Is léir é sin tríd an ardú ollmhór ar an maoiniú atá ar fáil ón HRB. Bhí sise ina hambasadóir ar thaighde sláinte, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta araon in éadan athruithe ollmhóra. Guím gach rath uirthi le cibé dúshlán atá amach roimpi.

Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghlacadh leis na comhaltaí boird eile agus le foireann an HRB freisin as a dtacaíocht agus a dtiomantas. Táim fíor-bhuíoch as a gcomhairle agus a dtreoir maidir le Straitéis Chorparáideach an HRB 2007-2011 go háirithe.

Ní raibh cúrsaí chomh maith riamh in Éirinn maidir le taighde sláinte agus atá siad faoi láthair. Caithfimid oibriú níos dlúithe anois leis an Roinn Sláinte agus Leanaí agus le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte chun a chinntiú go mbeidh an tacaíocht agus na hacmhainní ar fáil chun cur le hacmhainneacht, tacú le slite gairme ó thaobh taighde agus cláir taighde a fhorbairt a rachaidh chun sochair cúram othar agus a chuideoidh le geilleagar an eolais.



**An tOllamh Des Fitzgerald**



"Tá cáil mhór bainte amach ag an HRB ó phríomhgheallsealbhóirí toisc a misean a bheith á sheachadadh agus cáilíocht a mheastóireacht taighde agus a phróisis mhaoinithe.."

# Tuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh

Tá cáil mhór bainte amach ag an HRB ó phríomhgheallsealbhóirí toisc a misean a bheith á sheachadadh agus cáilíocht a mheastóireacht taighde agus a phróisis mhaoinithe. Deimhníonn tuarascáil ar an bpainéal athbhreithnithe idirnáisiúnta é sin (féach aguisín a haon) a scrúdaigh conas mar a bhí an HRB ag feidhmiú agus cuireadh comhairle ar fáil maidir le forbairt amach anseo. Dheimhnigh tuarascáil an phainéil, a cuireadh i láthair i mí Eanáir 2006, na nithe seo a leanas:

- Tá an HRB ag tabhairt aghaidh ar dhúshláin go héifeachtach agus go cuí, in ainneoin constaicí acmhainní agus méid teoranta na heagraíochta.
- Tá eagraíochtaí maoinithe taighde eile ar aon ghuth ag tabhairt aitheantais don tábhacht atá le ról an HRB ó thaobh maoiniú taighde.
- Tá ról tábhachtach ag an HRB i gcomhoibriú Thuaidh/Theas.

Thuairisc an painéal athbhreithnithe go bhfuil an eagraíocht tar éis céim a bhfuil fíor ghealladh fúithi a bhaint amach ó thaobh fhorbairt straitéiseach, ach go bhfuil athrú ollmhór tagtha ar an timpeallacht ina n-oibríonn an HRB le 10 mbliana anuas. Mhol an painéal gur chóir don HRB na deiseanna a chruthaíonn na hathruithe sa timpeallacht taighde a ghlacadh agus moladh roinnt atheagrú inmheánach:

- fócas straitéiseach níos fearr ag an mBord
- struchtúir bhainistíochta a atheagrú thart ar mhaoiniú taighde, eolas sláinte agus taighde intí agus feidhm chorparáide
- próisis HRB reatha a fhorbairt chun athrú a léiriú.

Ghlac an Bord le tuarascáil an phainéil agus d'fhorbair an HRB plean feabhsúcháin cáilíochta chun moltaí an phainéil a chur i bhfeidhm. Faoi dheireadh na bliana, bhí an HRB athstruchtúrtha ina trí Stiúrthóireacht bunaithe ar ár bpríomhfheidhmeanna, agus athlíníodh príomhphróisis, leis an gcuspóir cur le cumas straitéiseach na bainistíochta agus leis an gcumas cinnteoireachta laistigh den eagraíocht.

Rud mór eile a baineadh amach i rith na bliana gur forbraíodh straitéis chorparáideach nua chun treoir a sholáthar don tréimhse 2007-2011. Bhí an Bord chun cinn maidir le forbairt na straitéise nua sin, tógadh san áireamh na hathruithe ollmhóra sa timpeallacht sheachtrach agus moltaí an phainéil athbhreithnithe eagraíochta.

Ba é an dúshlán a bhí ann maidir lenár straitéis a fhorbairt ná ár rólanna a chothromú chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais taighde agus eolais na seirbhíse sláinte, chun tacú le hollscoileanna taighde den scoth a dhéanamh agus chun a chinntiú go gcuireann taighde sláinte le geilleagar an eolais agus le sochaí na hÉireann. Chuathas i gcomhairle le príomhgheallsealbhóirí maidir leis an dréacht-straitéis. Scrúdaíodh agus pléadh go leor de na saincheisteanna a raibh aghaidh le tabhairt orthu sa straitéis ag ár gcéad chomhdháil náisiúnta i gCaisleán Bhaile Átha Cliath i mí an Mheithimh. Soláthraíonn foilsiú *Straitéis Eolaíochta,*

*Teicneolaíochta agus Nuála* an Rialtais cúlra den scoth d'obair an HRB inar sainmhíníodh fís, misean, cuspóirí agus gníomhartha ardleibhéil an HRB. Ghlac an Bord leis an Straitéis Chorparáideach 2007 – 2011 i mí na Samhna agus tá an straitéis sin ar fáil ar láithreán gréasáin an HRB ag www.hrb.ie. D'fhorbair an fhoireann bainistíochta plean feidhmithe a chuideoidh chun a chinntiú go seachadófar spriocanna uaillmhianacha na straitéise sa chéad cúig bliana eile atá amach romhainn.

Luaigh ár gCathaoirleach roinnt de na príomhnithe a bhain an HRB amach i 2006. Seo a leanas roinnt tionscnamh tábhachtach eile a ghlac an HRB i 2006:

- Staidéir a choimisiúnú, i gcomhar leis an HSE, chun tionchar athrú déimeagrafach ar éileamh ar sheirbhísí sláinte agus ar sheachadadh seirbhísí sláinte a thomhas agus chun samhail leithroinnt acmhainní a fhorbairt don tseirbhís sláinte.
- Staidéar ar fhorleithne chlamaidia i ndaonra na hÉireann a choimisiúnú thar ceann Ionad Faire Cosanta Sláinte an HSE.
- €40 milliún a infheistiú chun tacú le taighde sláinte. Caithfear é sin chun scileanna daoine a fhorbairt, infrastruchtúr a sholáthar agus tacú le tionscadail taighde nua a bhaineann le sláinte.
- Cláir taighde intí a bhunú maidir le héagothromaidí sláinte agus mí-úsáid alcóil.
- Seimineár nua a thabhairt isteach, 'Let's talk health research', chun cuidiú leis an gcéad ghlún eile de thaighdeoirí sláinte a scileanna a fhorbairt chun a gcuid taighde a chur in iúl níos éifeachtaí.
- Raon leathan foilseachán taighde a fhoilsiú sna réimsí meabhairshláinte, sláinte leanaí, mí-úsáid drugaí agus míchumas.

I mí Mheán Fómhair, chuir mé in iúl don Bhord go raibh mé chun seasamh síos mar Phríomhfheidhmeannach ag deireadh mí Bealtaine 2007. Ba mhaith liom buíochas a ghlacadh le comhaltaí an Bhoird agus, go háirithe, leis an gCathaoirleach, an tOllamh Fitzgerald, as an tacaíocht, an spreagadh agus an cheannaireacht a sholáthar siad don eagraíocht sna cúig bliana seo caite.

Molaim foireann an HRB, agus go háirithe mo chomhghleacaithe ar an bhfoireann bainistíochta, as a dtiomantas den scoth dár misean chun feabhas a chur ar shláinte daoine agus ár seirbhísí sláinte a fhorbairt. Is é an tiomantas sin, a raibh obair chrua mar bhonn léi, a thug an eagraíocht seo go dtí an chéim fhorbartha ag a bhfuil sí faoi láthair. Guím gach rath ar an mBord Taighde Sláinte leis na dúshláin agus na deiseanna a bheidh ann do thaighde sláinte amach anseo.



**Ruth Barrington PhD**

# Sracfhéachaint ar an mbliain

Léiríonn an léaráid seo 'sracfhéachaint' ar roinnt de na príomhnithe a seachadadh i 2006. Léirítear freisin roinnt de na forbairtí suntasacha sa timpeallacht sheachtrach a mbeidh tionchar acu ar an HRB.

**Ean**
- Bhronn an HRB Gradam Eolaí Óg na Bliana de chuid BT
- Tuarascáil athbhreithnithe eagraíochta curtha i láthair

**Fea**
- Tús le hobair le MRCG ar phróisis iarratais deontas chun an maoiniú nua de €2 milliún a bhainistiú

**Már**
- Gradaim Sláinte Domhanda Nua fógartha le Cúnamh Éireann

**Aib**
- Eolaí cliniciúil nua ceaptha

**Bea**
- Ceiliúradh i Léacht Bhliantúil Graves ar thaighde an tríú domhan
- Taighde nua ar dhrugaí agus ar choireanna foilsithe

**Mei**
- An chéad chomhdháil náisiúnta de chuid an HRB: Today's health research is tomorrow's health care

**Iúl**
- An Chéad Saoráid Taighde Cliniciúil in Éirinn fógartha.
- Gach deontas ollmhór agus glaonna comhaltachta seolta

**Lún**
- Athbhreithníonn an tuarascáil an leibhéal galair thógálacha i measc úsáideoirí drugaí

**M.Fó**
- Taighde alcóil mar chuid de shainchúram an HRB

**D.Fó**
- Staidéar Tacaíochta Teaghlaigh seolta maidir le cónaí le meabhair-ghalar leanúnach.

**Sam**
- What's health research done for you? An t-eagrán is déanaí de *A Picture of Health* foilsithe.
- Léiríonn Daonáireamh Meabhair-shláinte ardú ar chúram pobail

**Nol**
- An seimineár 'Let's talk health research'
- Féachann tuarascáil nua ar chumas R&D príomhchúram in Éirinn

## Major external events

**June** Government Strategy for STI launched **Aug** HIQA CEO appointed **Nov** Step change for health research report, ACSTI



# Príomhghníomhaíochtaí agus na Príomhnithe a Baineadh Amach i 2006

## Straitéis taighde agus maoiniú

Tacaíonn an HRB le portfóilío taighde €100 milliún faoi láthair do thionscadail ar fud oileán na hÉireann. Tugtar tacaíocht do raon leathan taighde sláinte a bhfuil súil againn a fheabhsóidh naisc idir an tsaotharlann agus seachadadh cúram othar – táimid ag iarraidh beocht a chur faoi thaighde agus faoi fhorbairt. Tá ár maoiniú dírithe dá bhrí sin ar chur le hacmhainneacht taighde daoine, trealamh agus infrastruchtúr iomchuí a sholáthar agus tacú le cláir taighde i raon leathan réimsí. I rith 2006, b'ionann agus os cionn €40 milliún na dámhachtainí nua ó thaobh taighde sláinte. Fuarthas 1,149 iarratas in iomlán ar mhaoiniú feadh scéimeanna deontais agus oiliúna agus rinneadh 535 dámhachtain in iomlán.

**Table 1 Summary of funding awarded in 2006**

| Scéimeanna dámhachtana 2006 | Líon na nIarratasóirí | Líon na nDámhachtainí |
|---|---|---|
| **Scéimeanna tacaíochta gairme agus tógáil cumais** | | |
| Scoláireachtaí Mic Léinn Samhraidh | 135 | 70 |
| NCI Curaclam Samhraidh (Cuibhreannas Ailse) | 35 | 25 |
| Comhaltachtaí Taighde Iar-Dhochtúireachta | 50 | 8 |
| Comhaltachtaí Oiliúna Taighde Chliniciúil | 37 | 7 |
| Comhaltachtaí i dTaighde Seirbhísí Sláinte | 20 | 4 |
| Comhaltachtaí Cliniciúla in Altranas agus i gCnáimhseachas | 16 | 4 |
| Comhaltachtaí Taighde do Ghairmigh Teiripe | 21 | 5 |
| Comhaltacht Cosc ar Ailse (Cuibhreannas Ailse) | 1 | 1 |
| Comhaltachtaí Cochrane | 5 | 3 |
| Dámhachtainí Eolaithe Cliniciúla | 4 | 1 |
| **Deontais taighde** | | |
| Deontais Tionscadail | 339 | 75 |
| Comhpháirtíochtaí a Thógáil do Dhámhachtainí Sochaí níos Folláine | 17 | 6 |
| Cómhaoiniú Grúpa Carthanachtaí Taighde Liachta/HRB | 42 | 33 |
| Dámhachtainí Taighde Aistritheach | 22 | 4 |
| Eolaí Cliniciúil Sóisearach d'Altranas agus Cnáimhseachas | 3 | 2 |
| **Dámhachtainí Taighde Sláinte Domhanda** | 16 | 6 |
| **Deontais infrastruchtúir** | | |
| Dámhachtainí Caipitil Bhreise | 74 | 74 |
| Tionscadal Genome Uathachais | 1 | 1 |
| Líonra Infrastruchtúir Taighde Cliniciúil na hÉireann | 1 | 1 |

| Scéimeanna dámhachtana 2006 | Líon na nIarratasóirí | Líon na nDámhachtainí |
|---|---|---|
| **Oiliúint agus ceardlanna** | | |
| Ceardlanna Scríbhneoireachta Eolaíoch an HRB | 133 | 80 |
| Réamhrá leathlae do Chomhoibriú Cochrane | 53 | 53 |
| Cúrsa dhá lá Cochrane ar athbhreithnithe córasacha | 121 | 68 |
| Oiliúint Trialacha Cliniciúla Altranais (Cuibhreannas Ailse) | 3 | 2 |
| Tionscadail choimisiúnaithe | | |
| Taighde ar an socrú is fearr do scagthástáil chlamaidia in Éirinn | - | - |
| Staidéir Tosaíochtaí Taighde Altranais agus Cnáimhseachais | - | - |



Radharc ar an tsaoráid taighde cliniciúil ón taobh amuigh

## Infrastruchtúr

Dhírigh infheistíochtaí infrastruchtúir i 2006 ar shaoráidí taighde cliniciúla a fhorbairt. Facthas tabhairt isteach trealamh íomháithe den scoth bunaithe ar dhámhachtainí a rinneadh i rith 2005.

I mí an Mheithimh, fógraíodh Saoráid Taighde Cliniciúil (CRF) an HRB/Wellcome Trust. Is í aidhm na saoráide an t-infrastruchtúr a sholáthar – an spás fisiciúil, saoráidí agus na saineolaithe – atá riachtanach chun tacú le staidéir taighde othar-dhírithe. Beidh thart ar €20 milliún de mhaoiniú i gcomhar ann ón Wellcome Trust agus ón HRB thar na chéad chúig bhliana eile.

Is spreagadh ollmhór í an infheistíocht sin do thaighde cliniciúil agus do chúram othar in Éirinn agus soláthrófar timpeallacht den scoth do thaighde othar-dhírithe a mbeidh sochair dáiríre acu d'othair. Soláthróidh an CRF bealach do chliniceoirí, don tionscal cúraim sláinte agus do phríomhchomhpháirtithe eile chun teiripí, teicneolaíochtaí agus táirgí nuálacha a thástáil agus cur leis an luas a fhéadfar cúram othar níos fearr a bheith mar thoradh ar fhionnachtana agus ar nuálacha eolaíocha.

Lonnaithe in Ospidéal San Séamas, soláthróidh an CRF rochtain d'othair ar na nithe is nua-aimseartha maidir le diagnóis agus cóireáil riochtaí mar ailse, neamhoird néar-síciatrach agus galair thógálacha. Beidh ceangal ag an CRF le saoráidí nua agus le saoráidí a bheidh ag ospidéil teagaisc eile i mBaile Átha Cliath amach anseo freisin trí líonra taighde cliniciúil feadh na cathrach, líonra atá á bhunú chun a chinntiú go mbeidh an líon is mó othar agus is féidir ag baint tairbhe as taighde cliniciúil ar an tslí is éifeachtaí ó thaobh costais de.

Tógfar an tsaoráid ar thalamh Ospidéal San Séamas agus meastar go n-osclófar sin i mí an Mhárta 2009. Tháinig an moladh rathúil ó thrí scoil liachta i mBaile Átha Cliath ag Coláiste na Tríonóide, Coláiste Ollscoile Bhaile Átha Cliath agus Coláiste Ríoga na Máinleá in Éirinn agus na hospidéil teagaisc coimhdeacha. Is é an tOllamh Dermot Kellher a stiúraigh an moladh atá bunaithe ag Coláiste na Tríonóide/Ospidéal San Séamas agus comhordaíodh é trí Ionad Liachta Móilíneach Bhaile Átha Cliath.

## Trealamh íomháithe

Dháimh an HRB €4 milliún i 2005 ar chuibhreannas taighde cliniciúil uile-Éireann nua, *Perinatal Ireland*, chun trealamh ultrafhuaime riachtanach a sholáthar agus tacú leis an bhfoireann chun clár taighde a dhéanamh a bhfuil sé mar aidhm leis breoiteacht agus mortlaíocht naíonán a laghdú roimh agus go luath i ndiaidh a mbreith. Is comhoibriú taighde ilionad é *Perinatal Ireland* idir cnáimhseoirí comhairleacha ceannródaíocha in ocht gcinn de na príomhospidéil mháithreachais ar fud na hÉireann agus a bhí faoi stiúir Coláiste Ríoga na Máinleá in Éirinn.

Bhí obair ag dul ar aghaidh go leanúnach i rith 2006 chun an trealamh a thabhairt isteach chuig gach ionad ospidéil. Príomhchuspóir de chuid *Perinatal Ireland* ná úsáid a bhaint as na teicneolaíochtaí ultrafhuaime agus as an trealamh is déanaí chun breathnadóireacht a fheabhsú agus feabhas a chur ar bhrath aon ní neamhghnách agus an leanbh fós sa bhroinn. Tá an HRB ag maoiniú an trealaimh ultrafhuaime agus crua-earraí na ríomhairí, an trealamh anailíse íomhánna agus pearsanra taighde tiomanta.

## Gairmeacha

Is ábhar iomaíoch é na daoine is fearr a mhealladh chun taighde a dhéanamh agus tá géarghá ann in Éirinn go bhfeicfeadh daoine gairm bheatha shoiléir amach rompu. Tá dhá thionscnamh de chuid an HRB a chuideoidh chun é sin a bhaint amach agus is iad sin síneadh ar na Dámhachtainí Eolaithe Cliniciúla agus na scéimeanna Scoláireachta PhD.

Cheap an HRB an tríú Eolaí Cliniciúil i rith 2006. Is taighdeoir cáilithe liachta é an Dr. Peter Kelly a scaoilfear óna thiomantais seirbhíse chun a chuid ama a dhíriú ar thaighde othar-dhírithe. Scrúdóidh an Dr. Kelly cohórt ionchasach daoine a chuideoidh chun stróc athfhillteach a bhrath i ndiaidh taom ischaematic neamhbhuan nó i ndiaidh an chéad uair a bhíonn stróc ag duine.

Fógraíodh maoiniú nua do cheapachán suas le ceathrar eile do phoist mar Eolaithe Cliniciúla i 2007. Dúblóidh sé sin an líon Eolaithe Cliniciúla atá in Éirinn faoi láthair, agus is céim mhór chun cinn í sin.

Eisíodh glaoch nua chuig institiúidí a mbeadh suim acu cláir scoláireachta PhD a réachtáil in eolaíocht chliniciúil agus bhithliachta, taighde seirbhísí sláinte nó eipidéimeolaíocht agus sláinte phoiblí. Tá suas le €5 milliún ar fáil do gach iarratas a n-éireoidh leo.

Bhí an HRB ar cheann de na chéad ghníomhaireachtaí taighde in Éirinn chun freagairt d'ábhair imní maidir le cáilíocht na hoiliúna PhD in Éirinn trí scéim oiliúna scoláireachta PhD píolótach a sheoladh i 2004. Meastar gur samhail láidir iad na suímh phíolótacha sin anois chun oiliúint PhD a fhorbairt, agus is beart straitéiseach é an scéim a shíneadh agus cur leis an sprioc náisiúnta agus is é sin cur le líon na dtaighdeoirí agus le cáilíocht na dtaighdeoirí PhD in Éirinn.

## Tionscadail

Tá méid agus éagsúlacht taighde a thacaíonn an HRB leo fíor leathan, agus mar sin ní féidir gach scéal ar éirigh leo a lua anseo. Léiríonn na samplaí thíos roinnt de na torthaí a tháinig chun cinn ónár dtionscadail taighde maoinithe i rith 2006, mar aon le roinnt tionscadal nua a maoiníodh i 2006 a bhfuil poitéinseal iontach ag baint leo ó thaobh torthaí tábhachtacha a bhaint amach.

- Achoimre ar thorthaí maoinithe i 2006

I rith 2006, tugadh 58 de na tionscadail a mhaoinítear chun críche. Rinneadh meastóireacht ar thionchar an taighde sin tríd an líon foilseachán a táirgeadh a thomhas, an líon comhdhálacha a bhfuair daoine cuireadh chun labhairt acu agus an líon acu a mbeadh tuilleadh maoinithe i gceist leo. Léirítear é sin níos fearr sa tábla thíos.

**Tábla 1 Aschuir ó thionscadail a críochnaíodh i 2006**

| Aschuir i gcomhar | Líon | | | |
|---|---|---|---|---|
| Deontais a críochnaíodh i 2006 | 58 | | | |
| | | | | |
| Foilseacháin | Athbhreithniú piarach | Meán in aghaidh an tionscadail | Eile | Meán |
| | 104 | 1.7 | 64 | 1.1 |
| | | | | |
| Cuir i láthair – ó bhéal | Náisiúnta | Idirnáisiúnta | Iomlán | Meán |
| | 55 | 74 | 129 | 2.2 |
| Cuir i láthair – Póstaeir | 72 | 102 | 174 | 3 |
| | | | | |
| Sleachta iomlána foilsithe ag imeachtaí comhdhála | 137 | | | |
| Iarratais ar éirigh leo maoiniú breise a fháil | 27 | | | |
| Feidhmchláir IP | Curtha i bhfeidhm | | Beartaithe a fheidhmiú | |
| | 4 | | 3 | |

## Torthaí roinnt dár dtaighde maoinithe a foilsíodh i 2006

### Dul chun cinn úrnua maidir le galar néaróin luadraigh

Stiúraigh an Dr Orla Hardiman, néarólaí comhairleach ag Ospidéal Beaumont agus léachtóir sinsearach ag Coláiste Ríoga na Máinleá in Éirinn, foireann idirnáisiúnta a d'aithin géin le déanaí a mbíonn galar néarón luadraigh (MND) mar thoradh air i roinnt daoine. Tá an dul chun cinn sin ag léiriú roinnt de na bunchúiseanna a bhíonn le riocht craplaithe agus d'fhéadfadh cóireáil nua a bheith mar thoradh air lá éigin. Tá paitinn comhdaithe ag an RCSI chun cuardach a dhéanamh ar dhruga féideartha.

- Táscairí maidir le hoideasú do Dhochtúirí Teaghlaigh

Bhí táscairí ar ardchaighdeán maidir le hoideasú a fhorbairt a léireodh úsáid ó lá go lá chógas leighis agus a bheadh inghlactha agus infheidhme i gcóras cúram sláinte na hÉireann mar fhócas den taighde a chríochnaigh an tOllamh John Feely as an Roinn Cógaseolaíochta agus Teiripiceacha i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath.

Seo a leanas a léirigh staidéar an Ollaimh Feely:

- Tá táscairí ar ardchaighdeán maidir le hoideasú indéanta agus inghlactha go ginearálta ag Dochtúirí Teaghlaigh.
- D'fhéadfadh bunachar sonraí Seirbhísí Aisíocaíochta Cúram Príomha an HSE aiseolas a thabhairt do dhochtúirí teaghlaigh maidir lena gcleachtas oideasaithe mar ghnáthsheirbhís agus feabhas níos fearr a chur ar ardchaighdeán ginearálta oideasaithe ar fud na tíre.
- Tá fianaise d'éagothromaidí sláinte ann i dtaobh na gcaighdeán oideasaithe i ndaonraí leochaileacha.
- Is féidir réimsí ar fágadh teiripe ar lár a aithint ar bhonn náisiúnta agus is féidir 'easnamh eolais' a aithint trí shuirbhé agus sonraí cleachtais a chomhcheangal.

Léiríonn an taighde gur féidir cur le heolas sa réimse sin trí fheasacháin saindírithe. Rinne an tOllamh Feely réamhchur i láthair dá chuid taighde don HSE agus spreag sé fóram leanúnach a fhorbairt maidir le hoideachas faoi dhochtúirí teaghlaigh i mbun oideasaithe sa phobal.

## MRSA aimsithe

Bhí spleodar ollmhór ann i rith na bliana nuair a d'aimsigh eolaithe as Ollscoil na hÉireann, Maigh Nuad grúpa nua antaibheathaigh a d'fhéadfadh a bheith éifeachtach i gcoinne ionfhabhtuithe atá frithsheasmhach i gcoinne drugaí – agus dá réir go bhféadfadh siad poitéinseal ollmhór a bheith acu maidir le cóireáil MRSA. Le linn staidéar an Ollaimh Bernard Mahon a fuair tacaíocht ón HRB maidir le conas a fhorbraíonn asma, thug a fhoireann antaibheathach mín a tharlaíonn go nádúrtha sna scamhóga faoi deara. D'úsáid an fhoireann roinnt ardteicnící chun an chomhdhúil a fhorbairt go dtí go raibh sí i bhfad níos láidre agus ábalta cur isteach ar chillbhalla an bhaictéir mar MRSA. Níl sé chomh dóigh go mbeadh frithghníomhartha díobhálacha mar thoradh ar an gcomhdhúil nua i gcomparáid le cóireálacha reatha toisc í a bheith bunaithe ar shubstaint daonna a tharlaíonn go nádúrtha. Chuaigh an fhoireann i gcomhar le Fiontraíocht Éireann chun cuidiú a fháil cur le scála táirgeadh an antaibheathaigh le go bhféadfar é a fheidhmiú.

### Soláthraíonn maoiniú an HRB céim chriticiúil chun cinn

Is é an toradh a bhí ar thionscadal a mhaoinigh an HRB, ar luach thart ar €200,000, ná dámhachtain €3.3 milliún faoin gclár *Nanai-eolaíocht, Nanaitheicneolaíocht agus Ábhair Nua* i Séú Chlár Creata an Aontais Eorpaigh (FP6). Áirítear ar dheontas tionscadail an HRB, a dámhadh ar dtús báire i 2002, tréithiú bithábhar trí leas a bhaint as ardmhodhanna athscríbhinní agus próitéamaíocht. Is é an tOllamh Kenneth Dawson agus an Dr Iseult Lynch de chuid na Roinne Ceimice i UCD agus an tOllamh William Gallagher de chuid Institiúid Conway, UCD a stiúraigh an chéad tionscadal. Suas go dtí 2002, ba bheag obair a bhí déanta ar an bpróiseas mionsonraithe in-cheallach agus idir-cheallach a bhíonn mar thoradh ar theagmháil cealla le hábhar iasachta.

Creideann an tOllamh Dawson gur chuidigh maoiniú an HRB don tionscadal seo go mór le mar a d'éirigh leo dámhachtan FP6 a bhaint amach toisc gur ligeadh do thaighdeoirí modhanna 'omics' a fhorbairt agus a fheidhmiú don chás maidir le hidirghníomhartha próitéin-ábhar chuig caighdeán a léirigh éifeachtaí na n-ábhar ar chealla bitheolaíocha. Tá an taighde sin tábhachtach toisc gur ábhar imní eolaíoch é nochtadh ar nanai-cháithníní do dhaoine mar aon le hábhar imní domhanda polaitiúil agus don tsochaí. Tá Cuibhreannas Éireannach cruthaithe ina bhfuil taighdeoirí ó UCD, TCD, UCC, UL agus ó NUI Maigh Nuad chun tionscadal FP6 a sheachadadh.

### Príomhfhorbairtí maidir le taighde fiobróis chisteach

Tá dhá mheicníocht fhéideartha aitheanta ag Coláiste Ríoga na Máinleá in Éirinn agus ag Ospidéal Beaumont a d'fhéadfadh an bhunchúis a chóireáil agus ní hamháin na comharthaí sóirt a bhíonn ag fiobróis chisteach. Tá tús curtha le trialacha cliniciúla cheana féin agus meastar go mbeidh na chéad torthaí ar fáil i 2007. Bíonn duine as gach 19 duine fásta as Éirinn ag iompar na géine d'fhiobróis chisteach agus tá sé ar an ngalar is mó a chuireann saol duine i mbaol in Éirinn is féidir a fháil le hoidhreacht. Nuair a iompraíonn an bheirt tuismitheoirí an ghéin, tá seans amháin as ceithre sheans ann go mbeidh fiobróis chisteach ar an leanbh.

## Tionscadail taighde nua a maoiníodh i 2006

Gheall an HRB os cionn €16.6 milliún do thionscadail taighde iomlán nua i rith 2006. Cuireadh tús le os cionn 200 tionscadal nó tionscnamh taighde nua i rith na bliana. Áirítear raon leathan ábhar orthu sin, lena n-áirítear:


- Triail rialaithe randamach ar mheastóireacht clár idirghabhála alcóil i suíomh spóirt (Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath)
- Staidéar rialaithe cás paincréasach uile-Éireann: banc sonraí agus eiseamal a bhunú ar mhaithe le taighde ar

dhiagnóis, ar chúiseolaíocht agus ar mharthanas ó ailse paincréasach (Clár Ailse Náisiúnta)

- Próifíliú meitibileach maidir le titimeas (Coláiste Ollscoile Bhaile Átha Cliath)
- Earcú, oiriúnú agus coimeád altraí in Éirinn (Coláiste Ríoga na Máinleá in Éirinn)
- Cúram fóinteach a sholáthar: ag foghlaim ó thaithí fir a dteastaíonn uathu lámh a chur ina mbás féin chun seirbhísí cúraim meabhair-shláinte a chur ar an eolas (Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath)
- Oideasú cuí níos déanaí sa saol (Ospidéal na hOllscoile, Corcaigh)

## Tionchar thaighde sláinte a chur in iúl

Tá sé riachtanach luach agus tionchar thaighde sláinte a chur in iúl. Mura ndéanann othair agus geallsealbhóirí an nasc idir gníomhaíocht taighde agus feabhsúcháin i seachadadh chúram sláinte agus i dtorthaí othar, ní thuigfidh siad an tábhacht a bhaineann le hinfheistíocht leanúnach in R&D. Leanann an HRB le tionscnaimh a fhorbairt gach bliain chun an pobal taighde a spreagadh chun míniú soiléir a thabhairt ar thorthaí a gcuid taighde.




*A Picture of Health – Rogha de thaighde sláinte na hÉireann 2006*. Is é aidhm an fhoilseacháin seo cabhrú linn fionnachtana a dhéanann taighdeoirí arna maoiniú ag an HRB a roinnt leis an bpobal. Tógtar na torthaí taighde is deireanaí agus tuairisítear iad mar ghné-ailt. Chuireamar amach sraith tionlacain de leabhráin ghearra bunaithe ar na gnéithe sin i 2006. Cuireadh na leabhráin sin i dtoll a chéile do dhaoine le riochtaí faoi leith agus scaipeadh iad trí chlinicí, lialanna agus ospidéil ar fud na tíre. Tá súil againn go mbeidh tuiscint níos fearr ag daoine a léann na leabhráin sin ar an nasc idir taighde sláinte agus seachadadh chúram othar.

An Seimineár *Let's Talk Health Research* – Thug an HRB an t-imeacht nua seo isteach chun cur le scileanna cumarsáide na chéad glúine eile de thaighdeoirí HRB. Thaitin an t-imeacht le breis agus 120 toscaire a thug teachtaireachtaí tábhachtacha leo faoin tslí lena gcuid taighde a chur i láthair ar bhealach níos intuigthe do dhaoine nach bhfuil cúlra leighis acu, agus faoin tslí le spéis na meán ina gcuid oibre a mhuscailt.

I rith an lae, bhí deis ag grúpa daoine a roghnaíodh trí phróiseas iomaíochta a gcuid oibre a chur i láthair agus dul san iomaíocht do Bhonn Watts nó do cheann de na duaiseanna nua do thaighde cumarsáide HRB. Ba iad seo a leanas na buaiteoirí:




Bonn Watts - Daniel Yu, a rinne a thionscadal ocht-seachtaine faoi mhaoirseacht an Dr Anne Hopkins ag Institiúid Conway, Baile Átha Cliath. Ba é teideal a chur i láthair ná '*Migratory characteristics of cancer cells from in situ versus invasive tumours*'.

### Dámhachtainí Cumarsáide Taighde an HRB




Nollaig Healy, UCC, *Mystique: idirghabhálaí nua ar mheiteastáis agus ionradh maidir le hailse*

Frank Doyle, RCSI, *Tionchar dhúlagar a ndéantar measúnú achomair air ar bhásmhaireacht agus ar iompar a chuireann cosc ar ghalar croí tar éis taom croí nó aingíne*

# Córais Eolais agus Taighde in-tí

Cuireann an HRB go mór leis an tsláinte a fheabhsú agus le héifeachtacht na seirbhísí sláinte a fhorbairt trínár ngníomhaíochtaí taighde agus eolais in-tí. Tá bailiú sonraí agus anailís leanúnach riachtanach do na córais eolais a bhainistímid chun an fhianaise is cothroime le dáta a sholáthar do phleanáil seirbhísí agus do chinnteoireacht maidir le húsáid drugaí, meabhairshláinte agus míchumas. Is é an fíorbhuntáiste atá leis na bunachair sonraí sin gur féidir leo aird a tharraingt ar na réimsí is mó ina dteastaíonn seirbhísí breise. Is eolas riachtanach é sin a chuireann ar chumas bhainisteoirí seirbhísí sláinte agus lucht déanta polasaithe cinntí níos éifeachtúla a dhéanamh faoi sheirbhísí do na daoine a dteastaíonn siad uathu.

Chomh maith leis na sonraí a bhailiú, foilsímid tuarascálacha a dhéanann anailís ar na treochtaí ón eolas a bhailítear. Tá tionscadail taighde éagsúla ar bun againn freisin, maidir le sláinte leanaí, meabhairshláinte agus úsáid drugaí. Tá eolas faoi roinnt de phríomhthionscadail na bliana tugtha thíos.

## Córais Eolais Mheabhairshláinte

Rinne an HRB gníomh straitéiseach i 2006 chun dhá bhunachar sonraí meabhairshláinte reatha a chur le chéile. Cuirfear an córas atá ann cheana féin, an Córas Tuairiscíochta Náisiúnta maidir le hOthair Chónaitheacha Shiciatracha, a thaifeadann iontráil chuig seirbhísí Cónaitheacha Síciatracha in-tí agus scaoileadh uathu go náisiúnta, le chéile leis an gcóras meabhairshláinte pobail, COMCAR, atá á fhorbairt chun gníomhaíocht i saoráidí chúram pobail a thaifeadadh. Léiríonn an comhcheangal sin an t-athrú atá tagtha ar chórais mheabhairshláinte in Éirinn ó sheirbhísí cónaitheacha go dtí seirbhísí pobalbhunaithe. Aontaíodh pleananna leis an HSE chun an comhchóras nua a leathadh amach mar thionscadal píolótach i réigiún Dhún na nGall.

## Daonáireamh othar cónaitheach síciatrach an HRB 2006

Rinne an HRB daonáireamh ar an líon aonad agus ospidéal síciatrach in Éirinn an 31 Márta 2006. Tuairiscíodh sa daonáireamh gur thit an líon daoine cónaitheacha 83% le 43 bliain anuas, ó 19,801 i 1963 go dtí 3,389 i 2006. Is mar thoradh ar an bhforbairt bhreise i gcúram pobal, daoine á scaoileadh saor agus othair fhadtéarmacha ag fáil bháis atá titim leanúnach sa líon othar fadtéarmacha. I bhfianaise na n-athruithe sin, tuarann na húdair go mbeidh na hospidéil síciatracha poiblí in ann dúnadh faoi 2010. Tá príomhthorthaí an daonáirimh le fáil ar láithreán gréasáin an HRB ag www.hrb.ie/publications

## Staidéar Tacaíochta Teaghlaigh

Rinne an HRB Staidéar Tacaíochta Teaghlaigh a léiríonn eispéiris, riachtanais agus riachtanais tacaíochta na ndaoine a thugann cúram do dhuine dá dteaghlach a mbíonn meabhairghalar leanúnach ag dul dóibh in Éirinn. Fuair an staidéar triaileach go dteastaíonn seirbhísí éagsúla ó theaghlaigh chun a bheith in ann déileáil le gach céim den ghalar; teagmháil tosaigh, an chéad soláthar cóireála, scaoileadh, athiompú agus athshlánúchán. Fuarthas freisin go bhfuil easpa sna tacaíochtaí foirmiúla atá ar fáil faoi láthair.

Léirítear sa staidéar go mothaíonn daoine a bhfuil meabhairghalar leanúnach ar dhuine dá dteaghlach scoite amach go sóisialta. Is mian le teaghlaigh daoine a chur ar an eolas go tagann biseach ar dhaoine a mbíonn meabhairghalar orthu, agus gur féidir leo feidhmiú sa phobal arís.

Díríonn moltaí a d'eascair as an staidéar ar an gá atá leis na nithe a leanas:

- tuiscint níos fearr ar mheabhairshláinte i measc an phobail – chabhródh sin chun daoine a lánpháirtiú ar ais isteach sa phobal agus laghdódh sé daoine a bheith scoite amach go sóisialta
- tacaíocht teaghlaigh ag tús na bhfadhbanna meabhairshláinte agus ag céimeanna éagsúla tríd an bpróiseas cúraim
- teagmhálaí de chuid na seirbhísí meabhairshláinte is féidir caidreamh a dhéanamh leis nó léi; príomh-chomhoibreoir nó 'idirghabhálaí', idir teaghlaigh, úsáideoirí seirbhísí agus soláthróirí seirbhísí meabhairshláinte, chun cabhrú le leanúnachas cúraim a sholáthar trí gach céim den mheabhairghalar.
- seirbhísí tacaíochta saincheaptha do na daoine sa teaghlaigh.

## Víris fuil-iompartha i measc úsáideoirí drugaí insteallta in Éirinn

Léiríonn tuarascáil nua de chuid an HRB go bhfuil an líon úsáideoirí drugaí insteallta a bhfuil HIV, heipitíteas B nó heipitíteas C ag dul dóibh níos airde anois ná mar a bhí go luath sna 1990idí. Bhí toradh dearfach i scrúdú d'antasubstaintí do heipitítis C ag beagnach 70% d'úsáideoirí drugaí insteallta, agus bhí 20% acu dearfach ó thaobh heipitítis B. Tá beagnach 10% d'úsáideoirí drugaí insteallta dearfach ó thaobh HIV.

Is eol go forleathan go bhfuil baol níos mó ann i gcás daoine a thugann instealltaí dóibh féin go ndéanfaidh siad ródháileog nó go dtolgfaidh siad galair fuil-iompartha ar nós heipitítis C, heipitítis B agus HIV. Léiríonn sin an tábhacht a bhaineann le saoráidí laghdú dochair a sholáthar dóibh siúd a leanann orthu ag tabhairt instealltaí dóibh féin.

Déanann tuarascáil *Forléargas* de chuid an HRB na moltaí seo a leanas maidir le taighde agus gníomhaíocht amach anseo:

- An méid a éiríonn le seirbhísí reatha agus a gcuid éifeachtachta a chainníochtú, go sonrach malartú snáithidí, cláir díthocsainithe codlaindíní agus chothabhála codlaidíní, maidir le minicíocht heipitítis C a chobhsú agus a laghdú.
- Taifead ar fhachtóirí riosca a bhaineann le cásanna heipitítis C nua-diagnóisithe.
- Clár chun minicíocht agus forleithne heipitítis C i measc na n-úsáideoirí hearóine agus cóicín go léir a chainníochtú, agus measúnú ar na príomhfhactóirí riosca, ar ghlacadh le cóireáil agus ar thorthaí a éascú.
- Straitéisí a ghlacadh chun cur leis an méid a ghlactar agus a chloítear le teiripe HIV agus heipitíteas C i bpriosúin agus i suímh phobail.
- Meastachán a thabhairt ar iarmhairtí liachta heipitítis C agus ar na hidirghabhálacha riachtanacha chun déileáil leis, i measc úsáideoirí drugaí insteallta.
- Córas a fhorbairt chun monatóireacht a dhéanamh ar an líon príosúnach, úsáideoirí drugaí insteallta agus oibrithe gnéis a ghlacann an vacsaín in aghaidh heipitítis B.

## An gaol idir drugaí agus coiriúlacht

Ní mór go mbeadh fíorthuiscint ar an ngaol casta atá idir drugaí agus coiriúlacht mar thúsphointe do straitéisí ar chuspóir leo an choiriúlacht a bhaineann le drugaí in Éirinn a laghdú, dar le tuarascáil nua a d'fhoilsíomar i mí Bealtaine. Is é is aidhm leis an tuarascáil a bheith mar fhaisnéis d'fhorbairt freagraí polasaí éifeachtacha a d'fhéadfadh cur le laghdú ar choiriúlacht a bhaineann le drugaí. Déantar anailís ar an bhfianaise atá ar fáil faoi dhrugaí agus an choiriúlacht in Éirinn agus moltar réimsí chun tuilleadh anailíse a dhéanamh:

- Fachtóirí a spreagann roinnt úsáideoirí drugaí i dtreo tuilleadh úsáide agus iompair ciontaithe.
- An gaol idir úsáid drugaí faoi leith agus coiriúlacht a bhaineann le drugaí.
- Taighde maidir leis na nithe seo a leanas:
  - tionchar na coiriúlachta a bhaineann le drugaí ag leibhéal áitiúil
  - úsáideoirí drugaí nach bhfuil sa chóras ceartais coiriúil
  - úsáid ildrugaí agus iompar ciontach
  - difríochtaí idir ceantair uirbeacha agus thuaithe
  - alcól agus coiriúlacht fhoréigneach
  - an gaol idir úsáid neamhdhleathach drugaí

agus iompar ciontach lena n-áirítear foréigean

- úsáid drugaí, coiriúlacht agus inscne
- margaí drugaí neamhdhleathacha a oibriú, ón leibhéal allmhairithe go dtí an leibhéal áitiúil.

## Riachtanais míchumais a aithníodh in dhá thuarascáil

Nochtaítear sa tuarascáil ar **míchumas intleachtúil** go bhfuil an t-éileamh ar sheirbhísí lánaimseartha ag an leibhéal is airde ó 2001, d'ainneoin infheistíocht shuntasach agus leibhéil soláthair seirbhísí nach bhfacthas riamh cheana. Is féidir é sin a lua go mór leis an líon mór millteach leanaí a rugadh sna 60idí agus sna 70idí agus leis an bhfíric go bhfuil daoine le míchumas intleachtúil ag maireachtáil níos faide anois. Dar leis an tuarascáil, atá bunaithe ar bhunachar sonraí an HRB i leith míchumais intleachtúil, má leanann leis an éileamh ag an ráta reatha agus mura gcuirtear seirbhísí breise ar fáil mar fhreagra air sin, ní bheifear ábalta ach cuid den riachtanas reatha agus den riachtanas atá ag teacht chun cinn a chomhlíonadh.

Léirítear sa tuarascáil go raibh 25,518 duine cláraithe ar an mBunachar Sonraí Náisiúnta um Míchumas Intleachtúil i 2006. Tá míchumas intleachtúil tromchúiseach ar bheagnach triúr as cúigear (14,668). Tá líon níos airde fear (57%) ná ban (43%) cláraithe. Léiríonn an tuarascáil gaol soiléir idir an leibhéal míchumais, aois agus an cineál seirbhíse atá ar fáil; is gnách do dhaoine níos óige agus dóibh siúd sa raon míchumais intleachtúil nach bhfuil chomh tromchúiseach sin a bheith i gcúram lae seachas i gcúram cónaitheach.

Bhí seirbhísí á bhfáil ag nócha faoin gcéad de na daoine a bhí cláraithe ar an **mbunachar sonraí náisiúnta um míchumas fisiciúil agus céadfaoch** (NPSDD) i mí an Mheithimh 2005. Léiríonn tuarascáil ar na seirbhísí sin a foilsíodh i 2006, go bhfuil líon ard daoine fós ag fanacht ar mheasúnú le haghaidh seirbhísí éagsúla, d'ainneoin leibhéil arda soláthar seirbhísí, agus go bhfuil líon ard daoine a bhfuil measúnú déanta orthu le haghaidh seirbhísí agus iad fós ag fanacht ar sholáthar na seirbhísí sin.

Tá an tuarascáil NPSDD bunaithe ar eolas ó 22,429 clárúchán. Tá líon níos airde fear (52.5%) ná ban (47.5%) cláraithe. Is daoine fásta iad thart ar dhá thrian de na clárúcháin uilig agus is leanaí thart ar aon trian díobh (faoi bhun 18 bliain d'aois tráth an tuairiscithe). Thuairisc formhór na ndaoine cláraithe (79.0%) míchumas fisiciúil; thuairisc 6.7% caillteanas éisteachta/bodhaire, thuairisc 5.6% míchumas amhairc, thuairisc 1.4% míchumas cainte agus teanga agus thuairisc beagán os cionn 7% meascán míchumais.




## Gníomhaíocht agus Rannpháirtíocht a Thomhas (MAP)

I 2006, chuir an tAonad Bunachar Sonraí Míchumais a chéad fheasachán amach, bunaithe ar shonraí Ghníomhaíocht agus Rannpháirtíocht a Thomhas (MAP) a taifeadadh ar an mbunachar sonraí. Tá codanna a bhaineann leis na nithe seo a leanas ar ghné MAP den fhoirm NPSDD, a tugadh isteach i 2004:

- bacainní agus dúshláin
- rannpháirtíocht i ngnáth-ghníomhaíochtaí, agus
- Sceideal Measúnaithe Míchumais na hEagraíochta Sláinte Domhanda (WHODAS II).

Tugann na sonraí breise sin léargas níos iomláine ar thaithí agus ar riachtanais seirbhíse an duine a bhfuil míchumas air/uirthi. Tugann feasachán MAP Uimh. 1 forléargas ar an gcineál eolais a bhailítear, chomh maith le próifíl ar na daoine a bhfuil an chuid sin den fhoirm sonraí comhlíonta acu. Is beag an líon tíortha a bhfuil uirlisí bailithe sonraí acu a bhailíonn eolas den raon agus den mhéid mionsonraí is a bhíonn á dtaifeadadh ag an NPSDD.



# Forbairtí corparáideacha

Soláthraíonn foireann na Feidhme Corparáidí sainscileanna a chabhraíonn le seachadadh éifeachtach sheirbhísí an HRB. Oibríonn an fhoireann i gcomhar leis an gcuid eile den eagraíocht, agus cabhraíonn sí le réimsí nua deiseanna a aithint agus tugann sí próisis isteach a fheabhsóidh an caighdeán seirbhíse a sholáthraímid chuig ár gcustaiméirí. Tugtar tuairisc ar roinnt de ghníomhaíochtaí na heagraíochta sa bhliain 2006 thíos.

## Straitéis Chorparáideach

Chuaigh an HRB i gcomhairle mhór le geallsealbhóirí le linn 2006 agus an Straitéis Chorparáideach 2007–2011 á dréachtadh. Ullmhaíodh an Sraitéis tar éis diananailíse ar an iliomad athruithe atá ar bun sa timpeallacht ina bhfeidhmíonn an HRB, na deiseanna atá ann do thaighde sláinte in Éirinn á gcur san áireamh. Léirítear dhá athrú ollmhór a tharla le cúig bliana anuas: go sonrach, tá taighde sláinte ag croílár pholasaí an rialtais anois maidir le heolaíocht, teicneolaíocht agus nuáil, agus tá acmhainn i bhfad níos mó ag an HRB chun tacú le taighde sláinte.

Leagtar amach sé chuspóir lárnach sa Straitéis do na cúig bliana amach romhainn:

- Cruth a chur ar an gclár oibre náisiúnta do thaighde maidir le sláinte agus seirbhísí sóisialta pearsanta.
- Tacú le taighde agus córais eolais sláinte atá nasctha le tosaíochtaí sláinte náisiúnta.
- Tógáil ar an acmhainneacht do thaighde sláinte ar chaighdeán domhanda in Éirinn.
- An méid a chuireann taighde sláinte le geilleagar eolais inbhuanaithe a chur chun cinn.
- Cur le feasacht agus tuiscint ar an tionchar agus ar an luach a bhaineann le heolas agus taighde sláinte.
- Éire a bhunú mar thír a chuireann go mór le polasaí idirnáisiúnta ar thaighde sláinte.

Bainfaimid cuspóirí na straitéise seo amach trí oibriú go dlúth lenár gcomhpháirtithe sa tseirbhís sláinte, sna hollscoileanna, sna hinstitiúidí agus sna carthanachtaí. Creidimid go mbeidh torthaí ár straitéise le feiceáil i ndaonra a bheidh níos sláintiúla, i gcóras sláinte i bhfad níos fearr agus sa mhéid níos mó a chuirfidh taighde sláinte leis an ngeilleagar eolais in Éirinn.

## Athstruchtúrú


Tá struchtúr nua bunaithe ag an HRB chun na seirbhísí a chuirimid ar fáil a léiriú. Tá trí stiúrthóireachtaí nua i gceist:

1. Déanann **Feidhmeanna Corparáideacha** maoirseacht ar sheachadadh éifeachtach agus éifeachtúil ár seirbhísí tacaíochta: airgeadas, dlíthiúil agus rialachas, IT, Acmhainní Daonna, cumarsáid agus saoráidí
2. Tugann **Eolas Sláinte agus Taighde in-tí** ár gcórais eolais agus taighde náisiúnta go léir le chéile. Tá ceithre aonad speisialaithe sa stiúrthóireacht seo: taighde meabhairshláinte, taighde ar alcól agus drugaí, bunachair shonraí ar mhíchumas agus eipidéimeolaíocht sláinte leanaí.
3. Nascann an **Straitéis Taighde agus Maoiniú** ár ngníomhaíochtaí go léir a bhaineann le maoiniú seachtrach. Tá an stiúrthóireacht nua sin comhdhéanta de trí aonad.

- Bainisteoidh an tAonad Bhainistiú Taighde an maoiniú go léir le haghaidh tionscadal, clár, forbartha gairme agus oiliúna.
- Díreoidh an tAonad Infrastruchtúir Taighde agus Tionscnamh Speisialta ar infheistíochtaí infrastruchtúir ollmhóra mar ionaid taighde, saoráidí agus líonraí.
- Déanfaidh an tAonad Polasaí, Meastóireachta agus Caidrimh Sheachtraigh measúnú ar thorthaí agus ar thionchar thaighde HRB-maoinithe, forbrófar polasaí iomchuí maidir le maoiniú, agus cothófar caidreamh le gníomhaireachtaí maoinithe seachtracha.

Tá súil againn go n-éascóidh an socrú nua sin ár ngeallsealbhóirí caidreamh a dhéanamh leis an HRB, cibé mar iarratasóirí deontais, taighdeoirí HRB-maoinithe, taighdeoirí neamhspleácha, pleanálaithe seirbhíse nó daoine leasmhara sa phobal.

## Comhdháil an HRB: Is ionann taighde sláinte an lae inniu agus cúram sláinte an lae amáraigh




Reáchtáil an HRB comhdháil uile-oileánda ollmhór i 2006. Ba é an aidhm a bhí lenár gcomhdháil ná a bheith mar fhaisnéis do chruth agus d'fhorbairt thaighde agus polasaí sláinte in Éirinn amach anseo. Bhí breis agus 250 rannpháirtí ó dhisciplíní sláinte agus acadúla éagsúla ann, ag éisteacht le agus ag tabhairt freagra ar chainteoirí a mhínigh an luach a bhaineann le taighde agus eolas sláinte maidir leis na nithe seo a leanas a bhaint amach:

- cúram othar níos fearr
- polasaí agus seirbhísí sláinte níos éifeachtúla
- geilleagar eolais agus sochaí níos láidre.

Fóram riachtanach a bhí sa chomhdháil, a thug daoine atá rannpháirteach i dtaighde, cúram sláinte, tionscal agus soláthar seirbhísí le chéile. D'eascair plé bríomhar agus malartú tuairimí ar a bhfuil i ndán do thaighde sláinte go náisiúnta as an dinimic sin, mar a dúradh i ráiteas comhaontach tar éis na comhdála.

## Sláinte agus Sábháilteacht

D'fhostaigh an HRB Nifast i rith 2006 chun ráiteas sábháilteachta an HRB a athbhreithniú agus chun measúnú iomlán ar riosca a dhéanamh ar an dá cheann dár bhfoirgnimh oifigí. Tugtar mionsonraí faoi na measúnaithe riosca sin sa ráiteas sábháilteachta, agus tugadh aghaidh ar go leor tascanna a bhaineann leo i rith na bliana. Scaipfear an ráiteas sábháilteachta ar an bhfoireann go léir i 2007 le go síneoidh siad é.

Táimid sásta nár tuairiscíodh aon eachtra maidir le sláinte agus sábháilteacht i rith na bliana.

## Saoráil Faisnéise

Tháinig an HRB faoi reachtaíocht Shaoráil Faisnéise i mí Bealtaine 2006. Tá sé mar aidhm ag an HRB an oiread faisnéise agus is féidir a sholáthar ionas nach mbeidh ar dhaoine iarratais a dhéanamh faoin Acht. Tá mionsonraí faoin tslí le hiarratas ar fhaisnéis a dhéanamh ar láithreán gréasáin an HRB ag www.hrb.ie. Tá siad ar fáil inár Lámhleabhar Shaoráil Faisnéise Alt 15 agus 16 chomh maith. Is féidir an Lámhleabhar a bhailiú ónár n-oifigí ag 73 Sráid Bhagóid Íochtarach, Baile Átha Cliath 2.



# Ag obair i gcomhar – sracfhéachaint ar obair chomhoibrithe

## Wellcome Trust

Rinne an HRB a gcomhobair fhadtéarmach le Wellcome Trust a atreisiú i mbliana nuair a tháinig an dá eagraíocht le chéile chun tacú le moladh do Shaoráid Taighde Cliniciúil i mBaile Átha Cliath. Soláthróidh an tsaoráid an t-infrastruchtúr – an spás fisiciúil, na saoráidí agus na saineolaithe – a theastaíonn chun tacú le staidéir thaighde othar-bhunaithe laistigh de thimpeallacht ospidéil agus beidh feabhas ar shláinte othar ar deireadh.

Infheisteofar €20 milliún in iomlán thar na cúig bliana amach romhainn. Is Cuirfidh an infheistíocht go mór le taighde cliniciúil agus le cúram othar in Éirinn agus soláthrófar timpeallacht ar chaighdeán den scoth le haghaidh taighde othair-dhírithe agus beidh fíorbhuntáistí ann don tsláinte.

Tógfar Saoráid Taighde Cliniciúil an HRB/ Wellcome Trust ar thalamh Ospidéal San Séamas. Tháinig an togra ar éirigh leis ó thrí scoil liachta i mBaile Átha Cliath, ag Coláiste na Tríonóide, Coláiste Ollscoile Baile Átha Cliath agus Coláiste Ríoga na Mainleá in Éirinn agus a gcuid ospidéal múinteoireachta comhcheangailte. Bhí an togra iomaíoch faoi cheannaireacht an Ollaimh Dermot Kelleher, lonnaithe ag Coláiste na Tríonóide/Ospidéal San Séamas agus comhordaithe trí Ionad na Míochaine Móilíní Bhaile Átha Cliath.

## Comhoibriú Cochrane

Lean an HRB ar aghaidh ag tacú le deiseanna den scoth do thaighdeoirí na hÉireann trí chomhaltaí oiliúna agus taighde Cochrane. Bhíomar mar na príomh-urraitheoirí ar an Cochrane Colloquium, a bhuail le chéile in Éirinn den chéad uair i 2006, chomh maith. Tháinig os cionn 800 cleachtóir sláinte, othar, speisialtóir sláinte agus déantóir polasaí as 40 tír le chéile i mBaile Átha Cliath chun plé a dhéanamh ar an tábhacht agus an tionchar a bhíonn ag fianaise taighde maidir le gnáthchinntí faoin tsláinte a dhéanamh. Craoladh an t-imeacht chuig na mílte duine eile ar an idirlíon chomh maith. Mheas Fáilte Ireland gurb fhiú breis agus €1 milliún an t-imeacht do gheilleagar na hÉireann.



## Cuibhreannas Ailse Uile-Éirinn/ na Stát Aontaithe

Ag deireadh 2006, rinne rialtais na hÉireann, Thuaisceart Éireann agus Mheiriceá a dtiomantas don *Ireland–Northern Ireland–NCI Cancer Consortium* stairiúil a athnuachan tríd an dara Meabhrán Tuisceana a shíniú.

Is é aidhm an Chuibhreannais forleithne ailse agus bás dá bharr a laghdú ar fud

oileán na hÉireann ar fad trí chur leis an infrastruchtúr do thaighde ailse agus do chúram ailse. Ón mbliain 1999 ar aghaidh tá an HRB ag tacú go láidir le hobair an Chuibhreannais. Áirítear ar na torthaí a fuarthas go dtí seo:

- D'éirigh le 200 duine sa churaclam samhraidh NCI maidir le cosc agus rialú ailse.
- Tá ceithre comhaltas bronnta ar Éireannaigh i réimsí chosc ailse.
- Tá dhá chomhchomhaltas taighde ar bun.
- Eagraíodh ceardlanna roinnte eolais ar éirigh go maith leo a thug aghaidh ar shaincheisteanna mar éirí as a bheith ag caitheamh tobac, ailse agus raimhre.

## Cúnamh Éireann

Faigheann na milliún duine a mhaireann i mbochtanas i dtíortha atá i mbéal forbartha bás gach bliain, nó bíonn droch-shláinte orthu de bharr cúiseanna is féidir a chosc nó a leigheas den chuid is mó. Tá infheistíocht i dtaighde ar fhadhbanna sláinte i dtíortha atá i mbéal forbartha riachtanach chun torthaí sláinte níos fearr agus caighdeán beatha níos fearr a bhaint amach. Shínigh an HRB agus Cúnamh Éireann Meabhrán Tuisceana le déanaí d'fhonn comhobair a dhéanamh chun tacú le taighde sláinte domhanda agus chun cur le hacmhainneacht taighde i dtíortha atá i mbéal forbartha. I 2006, sheol an HRB glaoch ar mhaoiniú do thaighde ar éirigh go maith leis agus roghnaíodh tionscadal trínár bpróiseas piarbhreithnithe. Cruthóidh gach ceann de na tionscadail sin fianaise taighde ar ardchaighdeán a bhainfidh go díreach leis na réimsí polasaí de chlár Chúnamh Éireann agus cuirfidh siad le hacmhainneacht taighde i dtíortha atá i mbéal forbartha. Táthar ag súil go gcabhróidh an scéim le comhpháirtíochtaí idirnáisiúnta i dtaighde sláinte domhanda, le béim faoi leith ar thionscadail chomhoibríocha a bhfuil baint ag institiúidí taighde na hÉireann leo.

## Grúpa Carthanachtaí Taighde Liachta (MRCG)

Dhaingnigh an MRCG an chéad mhaoiniú riamh ón Rialtas, eadhon €1 milliún, chun cur le taighde ag carthanachtaí sláinte Éireannacha i rith na bliana. Reáchtáil an HRB ceardlann i gcomhar leis an MRCG roimh an glaoch ar iarratais. Thug an cruinniú sin deis don HRB ár dtaithí ar an bpróiseas piarbhreithnithe maidir le measúnú ar iarratais taighde a roinnt, agus ar sárchleachtas idirnáisiúnta a chur i bhfeidhm sa phróiseas iarratais agus measúnaithe deontas. Fuarthas os cionn 40 iarratas ó na carthanachtaí taighde sláinte agus maoiníodh 33 tionscadal i 2006, a dhíríonn ar raon leathan galar, idir choiteann agus annamh, ó ailse go dtí *pigmentosa* reitineach agus ó *epidermolysis bullosa* go dtí diostróife mhatánach.

## Ionad Monatóireachta Eorpach do Dhrugaí agus Andúil Drugaí (EMCDDA)

Is é an tAonad Taighde ar Alcól agus Drugaí an pointe fócais ainmnithe in Éirinn don EMCDDA agus tugann sé eolas oibiachtúil, iontaofa agus inchomparáide ar dhrugaí agus ar andúil drugaí ó pheirspictíocht na hÉireann. Cuireann taighdeoirí tuarascáil bhliantúil le chéile ina mbíonn eolas nua ar chúrsaí úsáid drugaí in Éirinn, agus ar na hiarmhairtí agus na freagraí dá bharr sin. Bailítear an t-eolas sin ar bhealach caighdeánaithe i ngach pointe fócais san Eoraip, rud a cheadaíonn comparáidí bailí a dhéanamh i measc thíortha na hEorpa ar phatrúin reatha agus ar threochtaí atá ag teacht chun cinn maidir le húsáid drugaí. Áiríodh ar na réimsí a ndearnadh mion-taighde orthu i 2006 úsáid drugaí agus na fadhbanna a bhaineann leis sin i measc leanaí faoi 15 bliain d'aois, an staid maidir le cóicín agus freagraí air sin, agus an nasc idir caitheamh drugaí agus tiomáint.

## An Coiste Comhairleach Náisiúnta ar Dhrugaí (NACD)

Oibríonn an tAonad Taighde ar Alcól agus Drugaí leis an NACD chun comhairle a chur ar an Rialtas maidir le fadhb na húsáide drugaí in Éirinn maidir le forleithne, cosc, iarmhairtí agus cóireáil. I rith 2006, chabhraigh an tAonad leis an

NACD an dara shuirbhé ar fhorleithne drugaí. Is tionscnamh ollmhór é sin, mar go dtugann suirbhéanna ar fhorleithne drugaí eolas faoi phatrúin in úsáid drugaí, go déimeagrafach agus go geografach, agus má athdhéantar iad, is féidir leo athruithe a rianadh in imeacht ama. Cuirfidh torthaí an tsuirbhé sin, a bheidh ar fáil i lár 2007, lenár dtuiscint ar úsáid drugaí, cabhróidh siad le polasaithe drugaí a cheapadh agus a mheas agus cumasóidh siad comparáidí eolasacha le suirbhéanna comhchosúla go hidirnáisiúnta.

## Institiúidí Sláinte Náisiúnta (Stáit Aontaithe) agus Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath

Lean an tAonad Eipidéimeolaíochta Sláinte Leanaí lena chuid taighde ar anchuma ó bhroinn agus ar thorthaí diúltacha eile ar thoircheas, i gcomhar leis na hInstitiúidí Sláinte Náisiúnta agus le Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath agus tháirg siad dhá fhoilseachán piarbhreithnithe. D'fháiltigh an fhoireann taighde roimh chinneadh Rialtas na hÉireann i 2006 go mbeadh sé éigeantach arán a dhaingniú le haigéad fólach chun forleithne éalanga feadán néarach i leanaí a laghdú. Bhí tionchar ar an gcinneadh sin ag taighde na foirne a fuair go mbíonn móréifeacht chosantach in aghaidh éalanga feadán néarach le linn toirchis ag aigéad fólach a bheith san aiste bia.

## An tÚdarás Eatramhach ar Eolas Sláinte agus Cáilíocht (iHIQA)

Chuaigh an HRB i gcomhairle le Príomhfheidhmeannach **iHIQA**, an Dr Tracey Cooper, chun í a chur ar an eolas faoi na córais eolais a bhainistíonn an HRB agus faoi na dúshláin atá roimh na daoine uilig a bhfuil baint acu le córais eolais sláinte i bhfianaise easpa caighdeán náisiúnta, aitheantóirí othair/cliaint uathúla agus idirinoibritheacht córas. Thug an HRB cúnamh don iHIQA chomh maith chun taighde iomchuí a choimisiúnú dá mhisean i dtaobh caighdeán sheirbhísí sláinte agus eolas sláinte a fheabhsú agus chun acmhainneacht i measúnú teicneolaíocht sláinte a fhorbairt.



# Foilseacháin de chuid an HRB 2006


Barron S agus Kelly C (2006) *National Intellectual Disability Database Committee Annual Report 2006*. Baile Átha Cliath: An Bord Taighde Sláinte.

Chen X, Wang X, Hossain S, O'Neill FA, Walsh D, Pless L, Chowdari KV, Nimgaonkar VL, Schwab SG, Wildenauer DB, Sullivan PF, van den Oord E agus Kendler KS (2006) Haplotypes spanning SPEC2, PDZ-GEF2 and ACSL6 genes are associated with schizophrenia. *Human Molecular Genetics*, 15(22): 3329–3342.

Connolly J (2006) *Drugs and crime in Ireland*. Forléargas 3. Baile Átha Cliath: An Bord Taighde Sláinte.

Connolly J (2006) *Responding to open drug scenes and drug-related crime and public nuisance – towards a partnership approach*. Strasbourg: Grúpa Pompidou, Comhairle na hEorpa.

Connolly J (2006) Alternatives to prison with a focus on drug using offenders. *Administration*, 54(1): 3–31.

Connolly J (2006) 'Open drug scenes' and related nuisance behaviour: guidelines established by the Pompidou Group Expert Forum on Criminal Justice. *Hapkohet*, Eagrán 5: 47–52.

Curran B, Hastings G (2006) *An evaluation of the Clinical Research Training Fellowship Scheme: September 2006*. Baile Átha Cliath: An Bord Taighde Sláinte.

Daly A, Walsh D, Ward M agus Moran R (2006) *Activities of Irish psychiatric units and hospitals 2005*. Baile Átha Cliath: An Bord Taighde Sláinte.

Daly A agus Walsh D (2006) *Irish psychiatric units and hospitals Census 2006*. Baile Átha Cliath: An Bord Taighde Sláinte.

Daly A (2006) *National Psychiatric In-Patient Reporting System. Bulletin January – December 2005* Eagrán 2, Meitheamh. Baile Átha Cliath: An Bord Taighde Sláinte.

Daly A (2006) *National Psychiatric In Patient Reporting System January – December 2005 Bulletin Area A – Head Office Galway*. Eagrán 2, Meitheamh. Baile Átha Cliath: An Bord Taighde Sláinte.

Daly A (2006) *National Psychiatric In Patient Reporting System January – December 2005 Bulletin Area B – Head Office Kells*. Eagrán 2, Meitheamh. Baile Átha Cliath: An Bord Taighde Sláinte.

Daly A (2006) *National Psychiatric In Patient Reporting System January – December 2005 Bulletin Area C – Head Office Cork*. Eagrán 2, Meitheamh. Baile Átha Cliath: An Bord Taighde Sláinte.

Daly A (2006) *National Psychiatric In-Patient Reporting System. January – December 2005 Bulletin. Area D – Head Office Tullamore*. Eagrán 2, Meitheamh. Baile Átha Cliath: An Bord Taighde Sláinte.

Daly A (2006) *Irish psychiatric units and hospitals Census Bulletin 2006*. Baile Átha Cliath: An Bord Taighde Sláinte.

Donmall M, Berterame S, Lehtovuori R, Montanari L, Jones A, Lawrinson P, Long J, Millar T, Morales LR agus Ouwerhand T (2006) *Guidance for the measurement of drug treatment demand*. Vín: Oifig na Náisiún Aontaithe ar Dhrugaí agus ar Choiriúlacht.

Doyle A, Galligan K, Barron S agus Mulvany F (2006) *National Physical and Sensory Disability Database Committee Annual Report 2005*. Baile Átha Cliath: An Bord Taighde Sláinte.

Rannán Taighde ar Mhí-úsáid Drugaí (2006) *2006 National Report (2005 data) to the EMCDDA by the Reitox National Focal Point. Ireland: new developments, trends and in-depth information on selected issues*. Baile Átha Cliath: An Bord Taighde Sláinte.

Rannán Taighde ar Mhí-úsáid Drugaí (2006) *Drugnet Ireland*. Eagrán 20, Geimhreadh. Baile Átha Cliath: An Bord Taighde Sláinte.

Rannán Taighde ar Mhí-úsáid Drugaí (2006) *Drugnet Ireland*. Eagrán 19, Fómhar. Baile Átha Cliath: An Bord Taighde Sláinte.

Rannán Taighde ar Mhí-úsáid Drugaí (2006) *Drugnet Ireland*. Eagrán 18, Samhradh. Baile Átha Cliath: An Bord Taighde Sláinte.

Rannán Taighde ar Mhí-úsáid Drugaí (2006) *Drugnet Ireland*. Eagrán 17, Earrach. Baile Átha Cliath: An Bord Taighde Sláinte.

Fanous AH, Chen X, Wang X, Amdur RL, O'Neill FA, Walsh D agus Kendler KS (2006) Association between the 5q31.1 gene neurogenin1 and schizophrenia. *American Journal of Medical Genetics: Part B Neuropsychiatric Genetics*., Deireadh Fómhair 16 http://www.ncbi.nlm.nih.gov/entrez/query.fcgi?db=pubmed&cmd=Retrieve&dopt=AbstractPlus&list_uids=17044100&query_hl=4&itool=pubmed_docsum

An Bord Taighde Sláinte (2006) *A picture of health – a selection of Irish health research 2006*. Baile Átha Cliath: An Bord Taighde Sláinte.

Kartalova-O'Doherty Y, Tedstone Doherty D, agus Walsh D (2006*) Family support study: a study of experiences, needs, and support requirements of families with enduring mental illness in Ireland*. Baile Átha Cliath: An Bord Taighde Sláinte.

Kavanagh P, Long J agus Barry J (2006) Completeness and accuracy of the drug treatment reporting system in Dublin, Ireland. *Irish Journal of Medical Science,* 175(3): 52–56.

Kendler KS, Kuo PH, Todd Webb B, Kalsi G, Neale MC, Sullivan PF, Walsh D, Patterson DG, Riley B agus Prescott CA (2006) A joint genomewide linkage analysis of symptoms of alcohol dependence and conduct disorder. *Alcoholism, Clinical and Experimental Research*, 30(12): 1972–1977.

Kovess-Masfety V, Wiersma D, Xavier M, Caldas de Almeida JM, Carta MG, Dubuis J, Lacalmontie E, Pellet J, Roelandt JL, Torres-Gonzalez F, Moreno Kustner B agus Walsh D (2006) Needs for care among patients with schizophrenia in six European countries: a one-year follow-up study. *Clinical Practice, Epidemiology in Mental Health*, 2:22.

Kovess-Masfety V, Xavier M, Moreno Kustner B, Suchocka A, Sevilla-Dedieu C, Dubuis J, Lacalmontie E, Pellet J, Roelandt JL agus Walsh D (2006) Schizophrenia and quality of life: a one-year follow-up in four EU countries. *BMC Psychiatry*, 6:39.

Kuo PH, Neale MC, Riley BP, Webb BT, Sullivan PF, Vittum J, Patterson DG, Thiselton DL, van den Oord EJ, Walsh D, Kendler KS agus Prescott CA (2006) Identification of susceptibility loci for alcohol-related traits in the Irish Affected Sib Pair Study of Alcohol Dependence. *Alcoholism, Clinical and Experimental Research*, 30(11): 1807–1816.

Long J (2006) *Blood-borne viral infections among injecting drug users in Ireland, 1995 to 2005*. Forléargas 4. Baile Átha Cliath: An Bord Taighde Sláinte.

Long J, Keenan E, Grogan L, Mullen L, Barry J agus Sinclair H (2006) HIV infection among heroin users and area of residence. *Irish Medical Journal*, 99(8): 230–233.

Mant D (2006) *Primary Care R&D in Ireland*. Baile Átha Cliath: An Bord Taighde Sláinte.

Rannán Taighde ar Mheabhairshláinte (2006) *Link*. Eagrán 3, Meitheamh. Baile Átha Cliath: An Bord Taighde Sláinte.

Rannán Taighde ar Mheabhairshláinte (2006) *Link*. Eagrán 4, Nollaig. Baile Átha Cliath: An Bord Taighde Sláinte.

An tAonad Náisiúnta Doiciméadúcháin maidir le hÚsáid Drugaí (2006) *Directory of courses and training programmes on drug misuse in Ireland 2006*. Baile Átha Cliath: An Bord Taighde Sláinte.

O'Donovan M agus Doyle A (2006) *Measuring Activity and Participation of people with disabilities – an overview.* Feasachán MAP Uimh. 1. Baile Átha Cliath: An Bord Taighde Sláinte.

O'Leary VB, Pangilinan F, Cox C, Parle-McDermott A, Conley M, Molloy AM, Kirke PN, Mills JL, Brody LC, Scott JM agus Comhaltaí den Ghrúpa Taighde maidir le hÉalanga Breithe (2006) Reduced folate carrier polymorphisms and neural tube defect risk. *Molecular Genetics and Metabolism*, 87(4): 364–369.

Parle-McDermott A, Mills JL, Molloy AM, Carroll N, Kirke PN, Cox C, Conley MR, Pangilinan FJ, Brody LC agus Scott JM (2006) The MTHFR 1298CC and 677TT genotypes have opposite associations with red cell folate levels. *Molecular Genetics and Metabolism*, 88(3): 290–294.

Parle-McDermott A, Kirke PN, Mills JL, Molloy AM, Cox C, O'Leary VB, Pangilinan F, Conley M, Cleary L, Brody LC agus Scott JM (2006) Confirmation of the R653Q polymorphism of the trifunctional C1-synthase enzyme as a maternal risk for neural tube defects in the Irish population. *European Journal of Human Genetics*, 14(6): 768–772.

Sinclair H (2006) *Drug treatment demand data: influence on policy and practice*. Strasbourg: Grúpa Pompidou, Comhairle na hEorpa.

Walsh D (2006) Coming in from the cold. From psychiatric to general hospital. The Irish experience. *Epidemiologia Psichiatria Sociale*, 15(2): 95–98.

# Achoimre ar Chuntais

# Cuntas Ioncaim agus Caiteachais

## Don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2006

| | 2006 | 2005 |
|---|---|---|
| | € | € |
| **Ioncam** | | |
| Deontas Ioncaim na Roinne Sláinte agus Leanaí | **30,353,000** | 27,147,000 |
| Maoiniú Taighde Eile | **3,580,551** | 1,209,572 |
| Ús Infhaighte | **51,317** | 44,376 |
| Ioncam Eile | **61,022** | - |
| Ioncam Cíosa | **52,899** | 53,775 |
| | **34,098,789** | 28,454,723 |
| **Caiteachas** | | |
| An Rannán Maoiniú Taighde agus Polasaí | **21,057,246** | 16,562,617 |
| An Rannán Eipidéimeolaíochta Sláinte Leanaí | **510,768** | 692,823 |
| An Rannán Taighde do Mhí-Úsáid Drugaí | **1,216,644** | 1,071,773 |
| An Rannán Taighde Mheabhair-Shláinte | **685,651** | 666,667 |
| An Rannán Bunachair Sonraí Mhíchumais | **429,399** | 426,716 |
| T&F don Rannán Sláinte | **11,819,147** | 4,499,941 |
| Costais Riaracháin agus Forchostais Ghinearálta | **2,672,507** | 2,351,018 |
| Pinsin a íocadh leis an Fhoireann ar scor | **5,347** | (10,849) |
| | **38,396,709** | 26,260,706 |
| **(EASNAMH)/BARRACHAS DON BHLIAIN** | **(4,297,920)** | 2,194,017 |
| Cúlchiste Ioncaim amhail an 1 Eanáir | **4,330,416** | 2,136,399 |
| **CÚLCHISTÍ IONCAIM AMHAIL AN 31 NOLLAIG** | **32,496** | 4,330,416 |

# Cuntas Ioncaim agus Caiteachais Chaipitil

## Don bhliain dar chríoch 31 Nollvaivg 2006

| | 2006 | 2005 |
|---|---|---|
| | € | € |
| **Ioncam** | | |
| Deontas Caipitil na Roinne Sláinte agus Leanaí | **12,946,936** | 1,813,089 |
| Ioncam Caipitil Eile | **-** | 1,590 |
| Amúchadh an Chuntais Mhaoinithe Chaipitil | **132,911** | 145,562 |
| | **13,079,847** | 1,960,241 |
| **Caiteachas** | | |
| Deontais Trealaimh a Íocadh le Tríú Páirtithe | **2,039,854** | 1,616,965 |
| Dámhachtainí *Clinican Scientist* a íocadh le Tríú Páirtithe | **1,662,855** | - |
| Dámhachtainí *Imaging Awards* a íocadh le Tríú Páirtithe | **4,618,635** | - |
| Dámhachtainí T&F na Seirbhísí Sláinte a íocadh le Tríú Páirtithe | **1,462,101** | - |
| | **1,060,848** | - |
| Dámhachtainí Taighde Aistritheach a íocadh le Tríú Páirtithe | **1,341,674** | - |
| Forbairt ICT | **27,607** | 106,678 |
| Ranníocaíocht chuig Sócmhainní Seasta | **115,668** | 81,158 |
| Costais Áitribh | **472,494** | 9,878 |
| Comhairliúchán Straitéise Corparáidí | **145,200** | - |
| Dímheas | **132,911** | 145,562 |
| | **13,079,847** | 1,960,241 |
| (EASNAMH)/BARRACHAS DON BHLIAIN | - | - |

# Clár Comhardaithe

## Amhail an 31 Nollaig 2006

| | 2006 | 2005 |
|---|---|---|
| | € | € |
| **SÓCMHAINNÍ SEASTA** | | |
| Sócmhainní Inláimhsithe | **354,124** | 381,042 |
| **SÓCMHAINNÍ REATHA** | | |
| Féichiúnaithe | **1,342,231** | 724,011 |
| Infheistíochtaí | **641** | 641 |
| Airgead sa Bhanc agus ar Láimh | **450,400** | 7,569,644 |
| | **1,793,272** | 8,294,296 |
| **DLITEANAIS REATHA** | | |
| *Méideanna a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin:* | | |
| Banc | **16,057** | - |
| Creidiúnaithe | **1,744,719** | 3,963,880 |
| | **1,760,776** | 3,963,880 |
| **GLAN-SÓCMHAINNÍ REATHA** | **32,496** | 4,330,416 |
| **GLAN-SÓCMHAINNÍ** | **386,620** | 4,711,458 |
| **CÚLCHISTÍ** | | |
| Barrachas Carntha ar an gCuntas Ioncaim & Caiteachais | **32,496** | 4,330,416 |
| Ciste Caipitil | **354,124** | 381,042 |
| | **386,620** | 4,711,458 |

# Aguisín 1:
# Athbhreithniú Eagraíochtúil Comhaltaí Idirnáisiúnta an Phainéil

## Athbhreithniú Eagraíochtúil: Comhaltaí Idirnáisiúnta an Phainéil

Rinneadh athbhreithniú eagraíochtúil an HRB i mí na Samhna 2005. Cuireadh tuarascáil an phainéil i láthair i mí Eanáir 2006.

I measc chomhaltaí an phainéil bhí:

- An Dr Don Thornhill, Cathaoirleach, An Chomhairle Iomaíochais Náisiúnta (Cathaoirleach an Phainéil)
- An tOllamh Alun Evans, An Roinn Eipidéimeolaíochta agus Sláinte Poiblí, Ollscoil na Banríona, Béal Feirste
- An Dr Paulette Gray, Stiúrthóir, An Roinn Gníomhaíochtaí Seachtracha, an Insitiúid Náisiúnta Ailse, Stáit Aontaithe Mheiriceá
- An tUasal John O'Brien, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, Ospidéal San Séamas, Baile Átha Cliath
- An tUasal Gerry O'Hanlon, Stiúrthóir, Staitisticí Sóisialta agus Déimeagrafacha, an Phríomh-Oifig Staidrimh, Baile Átha Cliath
- An tOllamh Alan Pettigrew, Príomhfheidhmeannach, Comhairle Náisiúnta Taighde Sláinte agus Liachta na hAstráile
- An tUasal Lewis Purser, Leas-Stiúrthóir, Cumann Ollscoileanna Éireann, Baile Átha Cliath
- An tOllamh John Williams, Stiúrthóir, Oifig na Breataine Bige de Thaighde agus Forbairt i gCúram Sláinte agus Sóisialta
- An Dr Mary-Patricia McKeever, rapporteur